# Líon na bearnaí

## Sraith 2: Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead!

**Pictiúr 1:**

Bhí Ciara agus a deartháir Colm ag _______________ ar an Idirlíon ar an ríomhaire sa bhaile nuair a chonaic siad fógra do choirm cheoil a bheadh ar siúl i Staid Aviva i mBaile Átha Cliath. Caoga euro an ceann a bhí ar na ticéid.
Dúirt Colm go mbeadh banna ceoil iontach ag ______________ ann agus gur mhaith leis iad a fheiceáil. Dúirt sé go bhféadfaidis na ticéid a cheannach le cárta ______________ a n-athar. Bhí Ciara sásta. Bhí a fhios ag Ciara go bhfágadh a hathair an cárta ar an matal agus bhí an uimhir ______________ de ghlanmheabhair aici.

**Pictiúr 2.**

D'aimsigh Colm cárta creidmheasa a athar agus d'fhéach sé ar ____________ dheirfiúr. D'fhéach sise sna súile air agus ______________ sí na ticéid a cheannach leis an gcárta. Ní dúirt sí lena deartháir stad. Líon Colm an _______________ ar líne. Scríobh sé uimhir an chárta agus cheannaigh sé na ticéid le €100 (céad euro) a chúbláil sé as ____________ bainc a athar i nganfhios dó agus gan chead uaidh. Níor iarr _______________ acu cead. Bhí siad araon ciontach.

**Pictiúr 3.**

Chuaigh Ciara agus a deirfiúr chuig an gcoirmcheoil i Staid Aviva. Bhí sé go hiontach. Bhain siad an-taitneamh as na bannaí go léir a sheinn ar an ______________. Bhí na mílte duine i _______________. Bhí na seastáin go léir ______________ agus an pháirc féin chomh maith. A leithéid d'atmasféar níor airigh Colm ná Ciara ________________ lena mbeo. Casadh daoine deasa orthu. Chuir Colm aithne ar chailín deas a bhí ____________ leis agus bhí fear deas in aice le Ciara.

**Pictiúr 4.**

Níorbh fhada ina dhiaidh sin go bhfuair a n-athair _______________ dá chárta creidmheasa. Dar ndóigh chonaic sé _________________ nár aithin sé láithreach. €100 do cheolchoirm Aviva? Bhí a fhios aige ar an ________________ go gcaithfeadh sé labhairt leis an mbeirt óg. Is léir ón dreach a bhí air nach mó ná sásta atá sé gur ________________ airgead as a chuntas i nganfhios dó agus gan chead. Bhí ________________ feirge air.

# Líon na bearnaí

**Pictiúr 5.**

Is ansin a bhí an lasair sa bharrach. D'inis an t-athair an scéal _______________ bhean, máthair Chiara agus Choilm. Chuir siad fios ar an mbeirt. D'fhiafraigh siad an bhféadfaidis míniú a thabhairt ar an mbeart _______________________ seo nuair a ceannaíodh ticéid ceolchoirme ar €100. Bhí an bheirt acu _________________ go leor. D'admhaigh Ciara láithreach go ndearna siad _________________, gur chóir go n-iarrfaidis cead sula ndéanfaidis a leithéid, agus go raibh brón uirthi. Bhí Colm beagán níos dalba sa mhéid is go __________ sé iarracht leithscéal a chumadh. "Bhuel, cheap mé nár mhiste leat," ar seisean.

**Pictiúr 6.**

Ní fios cad a dúirt an t-athair leo ach is léir gur cuireadh ________________ orthu. Dúradh leo go gcaithfidis an €100 sin a __________________ lena dtuismitheoirí trí obair ghlantacháin sa teach a dhéanamh. Sa phictiúr deireanach feictear an bheirt ag obair go dian dícheallach agus na tuismitheoirí ina seasamh sa doras agus _______________ uillinneacha orthu araon. Tá Ciara ag folúsghlanadh an bhrait urláir sa seomra suite agus tá Colm ag ní na fuinneoige. Tugtar leid dúinn ar na smaointe atá in aigne na __________________. Is léir go bhfuil ceacht foghlamtha acu agus nach ndéanfaidh siad a leithéid sin de ________________ arís go deo.